Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13881/25**

**TRANS 463**
**CLIMA 431**
**ENV 996**
**SAN 623**
**IND 425**
**STATIS 72**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 566 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>ar an dul chun cinn i ndáil leis an Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht a chur chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 566 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 566 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2025
COM(2025) 566 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**ar an dul chun cinn i ndáil leis an Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht a chur chun cinn**

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Is ráiteas comhpháirteach polaitiúil é an Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht[1], a shínigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an 3 Aibreán 2024. Is é an chéad doiciméad é lena dtugtar aitheantas don rothaíocht mar cheann de na cineálacha iompair agus áineasa is inbhuanaithe, is inrochtana agus is cuimsithí, is neamhchostasaí agus is sláintiúla, agus gabhann breisluach ard léi don Aontas agus dár ngeilleagar.

Tá an t-iompar ríthábhachtach don chuimsiú sóisialta agus don fhorbairt eacnamaíoch, chun poist a chruthú agus chun rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a chur chun cinn. Mar sin féin, is foinse mhór astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truaillithe fós é. Is é is aidhm don Dearbhú seo acmhainneacht iomlán na rothaíochta san Aontas a scaoileadh chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Sa Dearbhú seo leagtar amach an treo i gcomhair beartais agus tionscnaimh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis an rothaíocht.

Sonraítear ocht bprionsabal agus 36 gheallltanas pholaitiúla ann atá le tabhairt ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun forbairtí beartais amach anseo agus cur chun feidhme comhleanúnach beart a threorú. Cé nach bhfuil an Dearbhú ceangailteach ó thaobh an dlí de, tá tábhacht shuntasach pholaitiúil ag baint leis, agus aithnítear gur tiomantas comhroinnte agus freagracht chomhroinnte de chuid an Aontais agus na mBallstát é cur chun cinn agus cur chun feidhme a phrionsabail.

I gcás gach caibidle den Dearbhú, tugtar forbhreathnú leathan sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn ar na gníomhaíochtaí atá déanta i gcomhthéacs na mbeartas, na mbeart agus na dtionscnamh rothaíochta ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chuidíonn le prionsabail an Dearbhaithe a chur chun feidhme. Soláthraíonn an tuarascáil samplaí den dul chun cinn atá déanta ina leith sin agus tuairiscítear inti bealaí féideartha chun an rothaíocht a chur chun cinn d'fhonn glacadh na rothaíochta a mhéadú agus a éascú a thuilleadh.

## 2. CAIBIDIL I: BEARTAIS ROTHAÍOCHTA A FHORBAIRT AGUS A NEARTÚ

Ar leibhéal an Aontais, mar obair láithreach a lean as an Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit a bpointí teagmhála rothaíochta náisiúnta a ainmniú. Pléann an líonra tiomnaithe nua sin dúshláin choiteanna, comhroinneann sé dea-chleachtais agus bearta cur chun feidhme, agus déanann sé faireachán ar dhul chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Cuimsíonn an líonra pointí teagmhála náisiúnta ó 26 Bhallstát[2] agus bunaíodh go foirmiúil é mar chuid den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Soghluaisteacht Uirbeach (EGUM)[3]. De bhreis air sin, chun cur chuige cuimsitheach a áirithiú agus chun ról gníomhach a thabhairt do raon níos leithne páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachais cathracha agus réigiún agus ionadaithe tionscail, cruthaíodh foghrúpa tiomnaithe laistigh de EGUM chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Dearbhaithe.

Rinne EGUM os cionn 20 beart náisiúnta a shainaithint agus a rianú, lena n-áirítear straitéisí rothaíochta, pleananna, dearbhuithe agus forbairtí beartais, idir cinn nua agus cinn a tugadh

---

1 IO C, C/2024/2377, 3.4.2024, http://data.europa.eu/eli/C/2024/2377/oj

2 Tráth dréachtaithe na tuarascála ar dhul chun cinn, ní raibh Pointe Teagmhála Náisiúnta Rothaíochta ainmnithe ag an Iodáil fós.

3 E03863 arna bhunú le Cinneadh (C(2022) 5320) ón gCoimisiún

cothrom le dáta le déanaí[4]. Glacadh cuid de na bearta sin mar thoradh díreach ar an Dearbhú. Go dtí seo, tá straitéis rothaíochta náisiúnta nó plean comhchosúil curtha i bhfeidhm ag 14 Bhallstát den Aontas[5]. Tá roinnt tíortha ag obair ar phleananna beartais nua a fhorbairt agus ar phleananna beartais atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta nó a chur chun feidhme. Mar shampla, tá céim mhór chun cinn glactha ag an Liotuáin trína céad straitéis rothaíochta náisiúnta riamh a ghlacadh[6]. Tá rialachán nua tugtha isteach aici freisin maidir le bonneagar rothaíochta a phleanáil agus a dhearadh[7], rialachán lena mbunaítear caighdeáin náisiúnta chun saoráidí rothaíochta sábháilte, inrochtana agus ardcháilíochta a áirithiú.

Chomh maith leis sin, spreag an Dearbhú údaráis chathrach chun gníomhaíochtaí a dhéanamh.

Mar shampla, thíolaic Parma (an Iodáil) litir ghealltanais i ndáil leis an Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht a chur chun feidhme[8], inar díríodh ar a bhonneagar rothaíochta a fhorbairt agus a fheabhsú, ar an rothaíocht a chur chun cinn mar rogha mhodha i gcás iompar laethúil agus ar thacú le gnólachtaí agus seirbhísí a bhaineann leis an rothaíocht.

Idir an dá linn, thacaigh Limistéar Cathrach Barcelona (an Spáinn) go foirmiúil leis an Dearbhú Rothaíochta Eorpach le linn sheisiún iomlánach na comhairle cathrach[9]. Bhí iarrachtaí chun aeráidneodracht a bhaint amach dírithe ar na rudaí seo a leanas: (i) an bonneagar rothaíochta atá ann cheana a fhorbairt, (ii) saoráidí páirceála rothar slána a chur in úsáid agus a bharrfheabhsú, (iii) tacú le comhroinnt rothar poiblí cathrach, agus (iv) gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais a eagrú.

Tá dul chun cinn agus tiomantas láidir á léiriú ag roinnt cathracha san Aontas freisin maidir le beartais agus straitéisí rothaíochta a fhorbairt, a oiriúnú agus a neartú chun a spriocanna uaillmhianacha maidir le haeráidneodracht a bhaint amach. Gheall siad na spriocanna sin a bhaint amach trína gConarthaí Cathracha Aeráide[10] mar chuid den Mhisean 100 Cathair Aeráidneodrach agus Chliste[11]. Mar shampla, tá sé d'aidhm ag Dresden (an Ghearmáin) sciar na rothaíochta a mhéadú go 75 % faoi 2035, agus is mian le Aarhus (an Danmhairg) an sciar sin a mhéadú go 50 % faoi 2030 agus tá sé beartaithe ag Gävle teacht chun bheith ar cheann de na cathracha rothaíochta is fearr sa tSualainn faoi 2025, agus é mar aidhm aige an líon turas rothar a dhúbailt i gcomparáid le 2018 faoin am sin.

Ag breathnú thar theorainneacha an Aontais, spreag glacadh Dhearbhú an Aontais maidir le Rothaíocht tionscnaimh chomhchosúla amhail an 'Dearbhú maidir le Soghluaisteacht Ghlas ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus Rannpháirtithe Breathnóireachta: ag bogadh ar aghaidh le chéile i dtreo soghluaisteacht ghlas' ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis an

---

4 Rannchuidiú EGUM leis an tuarascáil ar dhul chun cinn: https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility_ga

5 https://www.ecf.com/media/resources/2024/The-State-of-National-Cycling-Strategies-in-Europe-2024_ECF_final%20241212.pdf

6 https://sumin.lrv.lt/en/sector-activities/sustainable-mobility/national-strategy-and-action-plan-for-cycling-promotion-by-2035/

7 https://e-seimas.lrs.lt/portal/legalAct/lt/TAD/4b1abe31ac3611efaae6a4c601761171?jfwid=n3y3fwa09

8 https://civitas.eu/news/the-city-of-parma-commits-to-eu-cycling-declaration-implementation-at-the-civitas-forum

9 https://www.amb.cat/es/web/mobilitat/actualitat/noticies/detall/-/noticia/trobada-amb-l-ecf/25467221/11704

10 https://netzerocities.app/knowledge-ccc

11 https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/climate-neutral-and-smart-cities_ga

tSoghluaisteacht Ghlas, a d'eagraigh an Comhphobal Iompair[12] an 6-7 Meitheamh 2024 i Sairéavó (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)[13].

Idir an dá linn, spreagann roinnt gníomhaíochtaí eile ar leibhéal AE/náisiúnta/áitiúil forbairt/glacadh na rothaíochta san Aontas.

**Pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUI)**

Le Rialachán (AE) 2024/1679[14], ar cloch mhíle thábhachtach eile ar leibhéal an Aontais é, tugtar isteach ceanglas dlíthiúil go nglacfaidh 431 limistéar uirbeach PSUI faoi 2025. Sainordaítear leis freisin moil ilmhódacha paisinéirí a fhorbairt, faoi 2030, chun naisc an chéad mhíle agus an mhíle dheireanaigh a éascú, lena n-áirítear rochtain ar iompar poiblí agus ar bhonneagar soghluaisteachta gníomhaí. Sa Rialachán tá ceanglais maidir le leanúnachas agus inrochtaineacht raonta rothar a áirithiú nuair atá bonneagar á thógáil nó á uasghrádú agus maidir le saoráidí páirceála rothar a thógáil i gcomharsanacht stáisiún iarnróid chun modhanna gníomhacha iompair a chur chun cinn.

Déanfar an leagan cothrom le dáta de threoirdhoiciméad 2019 maidir le conas tacú le rothaíocht, agus maidir le rothaíocht a spreagadh, mar chuid de PSUI, a sholáthar i ndeireadh 2025 agus déanfar an t-eolas agus na dea-chleachtais is déanaí a chomhtháthú ann, chun cuidiú le cathracha feabhas a chur ar a mbonneagar rothaíochta, ar a mbeartais rothaíochta agus ar a ngníomhaíochtaí maidir le rothaíocht a chur chun cinn.

Tá bearta curtha san áireamh ag cuid mhór cathracha ina gcuid PSUInna, ar bearta iad lena dtugtar tús áite don rothaíocht. Mar shampla, díríonn Münster (an Ghearmáin) ar shráideanna ardcháilíochta tosaíochta rothaíochta a thógáil agus ar an ngréasán rothaíochta a uasghrádú, agus d'fhorbair Barcelona (an Spáinn) *Clár Rothar agus Feithiclí Soghluaisteachta Pearsanta* faoina Phlean Soghluaisteachta Uirbí 2024, ina ndírítear ar fheabhsuithe forleathana ar an ngréasán agus ar an mbonneagar rothaíochta a dhéanamh níos sábháilte. In Bologna (an Iodáil), úsáideadh pleanáil soghluaisteachta, den chéad uair riamh, mar thúsphointe chun an Plean um Chríoch na Cathrach a fhorbairt[15]. Cuidíonn an Plean sin le 55 bhardas sa limistéar cathrach a mbeartais úsáide talún agus a straitéisí soghluaisteachta a ailíniú. Déantar é sin trí chroí-uirlisí oibríochtúla agus príomhstraitéisí earnála amhail an Plean Cathrach um Rothar a chomhtháthú. Bronnadh an teideal 'Príomhchathair Ghlas na hEorpa'[16] ar Vilnias le haghaidh 2025 mar cheannródaí in aistriú glas na cathrach, lena n-áirítear i ndáil le bearta rothaíochta i gcomhréir lena PSUI, amhail forbairt leanúnach raonta rothaíochta agus caighdeán nua maidir le bonneagar sráide lena dtugtar tús áite don tsoghluaisteacht ghníomhach.

**Patrúin Soghluaisteachta**

---

[12] Is eagraíocht idirnáisiúnta é an Comhphobal Iompair i réimse na soghluaisteachta agus an iompair. Tá 36 rannpháirtí ann – Ballstáit an Aontais Eorpaigh a ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar a gceann, na sé Pháirtí de chuid Oirdheisceart na hEorpa (Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh, agus Poblacht na Seirbia) agus na trí rannpháirtí breathnóireachta (an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin). https://www.transport-community.org/

[13] https://www.transport-community.org/annual-summit/annual-summit-2024/ [(Iarscríbhinn II - Gealltanas i gcomhair Todhchaí Níos Glaise - Dearbhú maidir le Rothaíocht mar Mhodh Iompair Inbhuanaithe)]

[14] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, IO L, 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj

[15] https://pumsbologna.it/

[16] https://environment.ec.europa.eu/topics/urban-environment/european-green-capital-award/winning-cities/vilnius-2025_ga

Agus úsáid á baint as anailís chuimsitheach a rinneadh i mBallstáit uile an Aontais in 2021 agus ar tuairiscíodh an chéad tacar torthaí a lean as in 2022 dar teideal *Study on New Mobility Patterns in European Cities* [Staidéar ar Phatrúin Nua Soghluaisteachta i gCathracha na hEorpa][17], agus tá staidéar de chuid an Aontais atá ar siúl faoi láthair ag leathnú na hanailíse ar na sonraí chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar éifeachtaí na saintréithe sochdhéimeagrafacha ar iompraíocht taistil. Cumhdaíonn an staidéar an rothaíocht mar mhodh taistil amháin as measc roinnt modhanna taistil a bhfuil scrúdú á dhéanamh orthu. Ba cheart go dtabharfaidh na torthaí léargais bhreise ar ghlacadh na rothaíochta agus ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Léiríonn réamhanailís go bhfuil sciar na rothaíochta réasúnta seasmhach i gcónaí ar an leibhéal náisiúnta.

**Bainistiú soghluaisteachta**

Aithníonn an Gradam bliantúil MOBILITYACTION[18] sármhaitheas i scéimeanna bainistithe soghluaisteachta a eagraíonn gnólachtaí, institiúidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, tionscnaimh ó na saoránaigh agus bardais. Sa 2 bhliain is déanaí den fheachtas, sheol líon mór iomaitheoirí sa bhabhta ceannais tionscnaimh a raibh tionchar acu maidir le rothaíocht a chur chun cinn. I measc na samplaí, tá ardáin idirghníomhacha ar líne a spreagann mic léinn chun rothaíocht nó siúl a chleachtadh, seirbhísí cothabhála rothar san ionad oibre agus comórtais 'téigh ar scoil ar rothar'.

Thairis sin, cuireann cuid mhór cathracha gníomhaíochtaí bainistithe soghluaisteachta chun cinn. Seasann Búdaipeist (an Ungáir) amach mar gheall ar a phlean soghluaisteachta don ionad oibre, ar plean é lena spreagtar cuideachtaí chun ról gníomhach a bheith acu maidir le nósanna comaitéireachta a bhfostaithe a athrú i bhfabhar roghanna malartacha iompair níos inbhuanaithe. Áirítear i bplean Bhúdaipeist tionscnaimh ar nós 'Bikebus' agus 'Siúl chun na hOibre', lena gcuirtear an rothaíocht chun cinn trí aistir eagraithe grúpaí agus feachtais san ionad oibre.

Tarraingíonn tuarascáil ón gCónaidhm Eorpach Rothaithe (ECF) aird ar an toradh atá ar léasú rothar ag cuideachtaí mar chuid de scéimeanna bainistithe soghluaisteachta, ar scéim í ar cuireadh tús léi sa Ghearmáin, mar atá go raibh flít gníomhach 2,1 milliún rothar ar léas faoi dheireadh 2024, agus meánráta fáis bliantúil 30 % ann ó bhí 2019 ann[19].

Chun iniúchadh, anailís agus meastóireacht eile a dhéanamh ar éifeachtacht scéimeanna bainistithe soghluaisteachta a imríonn tionchar ar athrú iompraíochta i dtreo soghluaisteacht ghníomhach, sheol an Coimisiún glao tiomnaithe in 2024 faoina bhféadfadh tionscadal roghnaithe EUR 5 mhilliún a fháil[20].

**An rothaíocht a chur chun cinn mar bhealach sláintiúil iompair nó áineasa**

Aithníonn na Gradaim do Phríomhchathair Ghlas na hEorpa agus Gradaim na Duilleoige Glaise Eorpaí[21] a bhronntar gach bliain cathracha a léiríonn tiomantas den scoth don inbhuanaitheacht chomhshaoil ar fud príomhréimsí amhail cáilíocht an aeir, laghdú torainn

[17] *Study on new mobility patterns in European cities* [Staidéar ar Phatrúin Nua Soghluaisteachta i gCathracha na hEorpa] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh; *New Mobility Patterns Study: insights into passenger mobility and urban logistics* [Staidéar ar Phatrúin Nua Soghluaisteachta: léargais ar shoghluaisteacht paisinéirí agus ar lóistíocht uirbeach] - An Coimisiún Eorpach

[18] https://mobilityweek.eu/mobilityaction-award/

[19] https://www.ecf.com/en/news/company-bike-leasing-could-be-europes-next-big-catalyst-for-sustainable-mobility-new-report-shows-/

[20] HORIZON-MISS-2024-CIT-01-03: Mobility Management Plans and Behavioural Change, CSA 5M, Ar oscailt: 17 Meán Fómhair 2024 Spriocam(anna): 16 Eanáir 2025

[21] https://environment.ec.europa.eu/topics/urban-environment/european-green-capital-award_ga

agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. Cuid thábhachtach den aitheantas sin is ea réitigh soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe, amhail bearta rothaíochta, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme. Mar an gcéanna, tá Comhaontú na gCathracha Glasa[22], ar tionscnamh de chuid an Aontais é atá dírithe ar rialachas comhshaoil uirbeach a fheabhsú ar fud na hEorpa, ailínithe leis an rothaíocht trí chathracha a spreagadh chun a gcáilíocht aeir a fheabhsú, truailliú torainn a laghdú agus limistéir ghlasa a leathnú, agus ar an dóigh sin soghluaisteacht ghníomhach inbhuanaithe a chur chun cinn.

Trí fheachtais méadaithe feasachta agus trí fheachtais abhcóideachta, bhí an tSeachtain Eorpach um Shoghluaisteacht[23] tiomnaithe don téama 'Spás poiblí comhroinnte' sa bhliain 2024. Ghlac os cionn 2 700 baile agus cathair as níos mó ná 45 thír ar fud an domhain[24] páirt san fheachtas. Bhí bonneagar rothaíochta sábháilte agus dea-chleachtais mar phointe fócasach freisin i Malartú Sábháilteachta ar Bhóithre an Aontais[25].

D'eagraigh tionscnamh CIVITAS Fóram Malartaithe do Pholaiteoirí[26] maidir le cur chun feidhme an Dearbhaithe agus, lena linn sin, tarraingíodh aird ar a thábhachtaí atá sé oibriú le chéile ar gach leibhéal.

Ar an leibhéal náisiúnta, shainaithin EGUM roinnt feachtais feasachta, comhairliúcháin phoiblí agus cúrsa oiliúna do ghairmithe agus cineálacha sonracha rannpháirtíochta eile[27]. Mar shampla, sa tSeicia, seoladh feachtas ina ndírítear ar bhearta maolaithe tráchta i gcathracha agus i réigiúin, lena n-áirítear an rothaíocht a chur chun cinn[28]. Sa Fhrainc, tá ardán comhair oscailte ag an Lárionad um Staidéir agus Saineolas ar Rioscaí, ar an gComhshaol, ar Shoghluaisteacht agus ar Phleanáil Uirbeach (CEREMA) chun dea-chleachtais, dúshláin agus eolas a mhalartú, agus tá grúpa speisialta ann atá tiomnaithe don rothaíocht[29]. Tá an t-ardán ar fáil saor in aisce d'údaráis áitiúla, do sheirbhísí rialtais, do chomhlachais, d'institiúidí acadúla, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus don tsochaí shibhialta. Is áit í chun nuacht a mhalartú agus a scaipeadh agus chun aiseolas agus acmhainní a chomhroinnt maidir le gach ábhar a bhaineann leis an rothaíocht (seirbhísí, oiliúint, cumarsáid, bainistiú soghluaisteachta, forbairt, etc.).

Ar an leibhéal réigiúnach, chuir Baden-Württemberg Institut für Nachhaltige Mobilität ardchúrsa oiliúna ar fáil do phleanálaithe tráchta do choisithe agus do rothair, chun cuidiú leo a scileanna a fheabhsú agus chun pleanáil tráchta atá fabhrach do rothair agus atá dírithe ar rothair a spreagadh[30].

Tugann cathracha amhail Ioannina (an Ghréig), Padova (an Iodáil) agus Wrocław (an Pholainn) samplaí de rannpháirtíocht an phobail trí cheardlanna, feachtais chumarsáide agus cláir ghníomhaíochta áitiúla. Cuidíonn siad sin le bearta agus tionscadail a bhaineann leis an rothaíocht a mhúnlú agus a bhailíochtú ar leibhéal bardasach.

Má bhreathnaítear a thuilleadh ar chur chun cinn, ar mhalartú eolais, ar dhea-chleachtais agus ar oiliúint, tá tionscnaimh luachmhara ar siúl freisin ar an leibhéal idirnáisiúnta. Go háirithe, thionscain an Ísiltír, in éineacht leis an mBeilg agus Lucsamburg, an clár fothaithe

22 https://environment.ec.europa.eu/topics/urban-environment/green-city-accord_ga
23 Feachtas suaitheanta bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, https://mobilityweek.eu/home/
24 AN tSEACHTAIN EORPACH UM SHOGHLUAISTEACHT | Bailte agus cathracha rannpháirteacha
25 https://etsc.eu/projects/eu-road-safety-exchange/
26 https://civitas.eu/news/civitas-spotlight-the-politicians-exchange-forum-convenes-in-parma
27 https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility_ga
28 https://www.dobramesta.cz/novinky/1671/byl-zahajen-projekt-zvolni
29 https://www.cerema.fr/fr/actualites/ouverture-communaute-echanges-dediee-au-velo
30 https://www.polisnetwork.eu/wp-content/uploads/2024/12/1A.-Jochen-Eckart.pdf

acmhainneachta domhanda 'ACTIVE'[31] in 2023. Is comhghuaillíocht páirtithe leasmhara soghluaisteachta gníomhaí é sin arb é is aidhm di 10 000 saineolaí soghluaisteachta gníomhaí a oiliúint sa Domhan Theas agus i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim laistigh de 10 mbliana.

## 3. CAIBIDIL II: SOGHLUAISTEACHT CHUIMSITHEACH, INACMHAINNE AGUS SHLÁINTIÚIL A SPREAGADH

Bhain formhór na bhforbairtí ar leibhéal an Aontais le méadú feasachta maidir leis na tairbhí sláinte a bhaineann leis an rothaíocht agus maidir le truailliú aeir agus truailliú torainn a laghdú.

Rannchuidíonn gníomhaíochtaí chun an rothaíocht a chur chun cinn le galair neamhtheagmhálacha a chosc agus is féidir leo an riosca iomlán báis a laghdú 10 %[32]. Faoin tionscnamh 'Healthier Together' – tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha[33], tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit maidir le gníomhaíochtaí chun an tsláinte a chur chun cinn agus chun galair a chosc. Tríd an gclár EU4Health[34], tacaíonn an Coimisiún le hobair chomhoibríoch ('gníomhaíochtaí comhpháirteacha') idir na Ballstáit agus tionscadail faoi cheannas páirtithe leasmhara chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, lena n-áirítear an rothaíocht. Sampla de sin is ea an ghníomhaíocht chomhpháirteach PreventNCD[35], a fhaigheann tacaíocht EUR 76 mhilliún, agus lena ngabhann pacáiste oibre tiomnaithe maidir le timpeallachtaí maireachtála sláintiúla arb é is aidhm dó idirghabhálacha maidir le príomhchinntithigh shláinte a chur chun feidhme, agus meastóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir le timpeallachtaí saor ó ghluaisteáin agus gníomhaíocht choirp nó timpeallachtaí uirbeacha. Tacaíonn an Coimisiún le dea-chleachtais a bhfuil gealladh fúthu a shainaithint agus a bhailiú trí Thairseach an Aontais um Dhea-Chleachtais maidir leis an tSláinte Phoiblí[36], ar a bhfuil cleachtais phraiticiúla fhianaisebhunaithe ar fáil le haghaidh inspioráide agus aistriú féideartha.

Mar thoradh díreach ar ghlacadh an Dearbhaithe, seoladh glao tiomnaithe ar thograí ar luach EUR 12 mhilliún mar chuid de Chlár Oibre Mhisin 2025 an chláir Fís Eorpach (le tacaíocht chomhpháirteach ón Misean Ailse agus ón Misean 100 Cathair Aeráidneodrach agus Chliste) chun glacadh na rothaíochta a mhéadú a thuilleadh chun tairbhí sláinte a bhaint amach agus borradh a chur faoin tsoghluaisteacht ghníomhach i gcathracha an Aontais[37].

Tá creat beartais seanbhunaithe ag an Aontas lena rialaítear cáilíocht an aeir agus leibhéil torainn timpeallachta, arb é is cuspóir dó a áitritheoirí a chosaint[38]. San athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an Treoir maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don

31 https://dutchcycling.nl/knowledge/cycling-news/the-netherlands-launches-active-at-cop28/

32 *Promoting cycling can save lives and advance health across Europe through improved air quality and increased physical activity*

33 Healthier Together – Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha – an Coimisiún Eorpach

34 Clár EU4Health 2021-2027 – fís d'Aontas Eorpach níos sláintiúla – an Coimisiún Eorpach

35 *JA PreventNCD - Reducing Europe's cancer and NCD burden through coordinated strategies on health determinants. Focusing on effective policies, societal and personal risk factors.*

36 Tairseach um dhea-chleachtais

37 HORIZON-MISS-2025-06-CIT-CANCER-01: Siúl agus rothaíocht a mhéadú: chun tairbhí sláinte agus laghduithe astaíochtaí a bhaint amach agus gairis soghluaisteachta gníomhaí agus micrea-shoghluaisteachta a chomhtháthú, mar aon le teicneolaíochtaí cliste agus bonneagar cliste a bheith ann; wp-12-missions_horizon-2025_en.pdf

38 Tuarascáil speisialta 2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le 'Truailliú Uirbeach san Aontas Eorpach', Tuarascáil Speisialta 02/2025: Truailliú uirbeach san Aontas Eorpach – Tá aer níos glaine sna cathracha, ach tá an iomarca torainn fós iontu

Eoraip[39], liostaítear rothaíocht agus siúl i measc na mbeart laghdaithe truaillithe aeir atá le cur san áireamh i bpleananna cáilíochta aeir chun aistriú módúil i dtreo soghluaisteacht ghníomhach agus cineálacha iompair nach bhfuil chomh truaillitheach céanna a spreagadh. Sna sonraí is déanaí ó Thuarascáil Faireacháin agus Ionchais maidir le Truailliú Nialasach 2025[40] agus ón Deais nua maidir le Truailliú Nialasach[41], sonraítear nár tháinig laghdú mór ar thorann foriomlán an iompair cé gur cláraíodh feabhas áirithe ó thaobh truailliú aeir de. D'fhéadfadh méadú ar shoghluaisteacht ghníomhach rannchuidiú dearfach a dhéanamh le straitéisí bainistithe torainn níos réamhghníomhaí.

Tuairiscíonn EGUM ocht mbeart a cuireadh chun feidhme ó bhí mí Aibreáin 2024 ann agus lena dtugtar aghaidh ar chuimsiú gach aoisghrúpa, gach inscne agus gach grúpa mionlaigh sa rothaíocht laethúil. Is cosúil go bhfuil cur chun cinn rothar leictreach ina réiteach do rothaithe céaduaire agus do dhaoine scothaosta, agus meastar gur réiteach é rothair lasta a spreagann níos mó ban agus teaghlach chun rothaíocht a dhéanamh. I measc na samplaí suntasacha a thuairiscigh EGUM, tá cláir oiliúna thiomnaithe do mhná[42] agus ceachtanna rothaíochta saor in aisce atá ar fáil do ghrúpaí ilchineálacha[43]. Cuirtear samplaí suimiúla ar fáil freisin i ndáil le haosú gníomhach[44] agus soghluaisteacht ghníomhach i scoileanna[45]. Cuireann cathracha cuid mhór samplaí breise ar fáil freisin trína gConarthaí Cathracha Aeráide[46].

Is féidir ról dearfach a bheith ag bearta a bhaineann leis an rothaíocht maidir leis an mbochtaineacht iompair a mhaolú. Nuair atá siad dírithe ar ghrúpaí leochaileacha, féadfar bearta den sórt sin a mhaoiniú trí Phleananna Aeráide Sóisialta[47] atá nasctha le cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta (CAS)[48]. Sa chomhthéacs sin, d'eisigh an Coimisiún moladh dírithe ar na Ballstáit maidir le bochtaineacht iompair[49] ina gcuirtear san áireamh an gá le bearta a bhaineann leis an rothaíocht a mheas, amhail bonneagar rothaíochta, fóirdheontais chun rothair, rothair leictreacha agus rothair lasta a cheannach nó a

---

[39] Treoir (AE) 2024/2881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le aercháilíocht chomhthimpeallach agus aer níos glaine don Eoraip, IO L, 2024/2881, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2881/oj

[40] Tuarascáil EEA-JRC 13/2024: https://www.eea.europa.eu/en/analysis/publications/zero-pollution-monitoring-and-outlook-report

[41] https://environment.ec.europa.eu/strategy/zero-pollution-action-plan/towards-zero-pollution-regions_ga

[42] e.g. an clár 'Tandem Women in Cycling', arna fhorbairt ag EIT Urban Mobility agus BYCS, ar clár é lena dtairgtear oiliúint ar líne agus i bpearsa do mhná ar fud an Aontais chun seisiúin oiliúna rothaíochta a stiúradh do mhná eile (https://engage.eiturbanmobility.eu/processes/tandemwomen?locale=en)

[43] e.g. tionscnamh 'Vélo-école' de chuid Métropole de Lyon, ar clár é lena dtairgtear oideachas rothaíochta saor in aisce lena gcuirtear cuimsitheacht agus inrochtaineacht chun cinn (https://avelo.grandlyon.com/bons-conseils/apprendre-ou-reapprendre-a-faire-du-velo)

[44] e.g. *The Guide to Age-Friendly Cycling Mobilities*, a tháinig as tionscadal ENTOURAGE arna mhaoiniú ag an Aontas, ar tionscadal é a sholáthraíonn bosca uirlisí do chathracha ar mian leo soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn tráth a bhíonn an daonra ag dul in aois (*Age-friendly cycling – Towards inclusive urban mobility*)

[45] e.g. 'Scoil atá fabhrach do choisithe agus do rothair', ar tionscadal náisiúnta Gearmánach é a thacaigh go gníomhach le bunscoileanna agus le meánscoileanna chun seiceálacha inrothaitheachta agus insiúltachta a dhéanamh ag a gcuid scoileanna agus sna ceantair máguaird (https://www.vcd.org/artikel/fuss-und-fahrradfreundliche-schule)

[46] https://netzerocities.app/knowledge-ccc

[47] https://climate.ec.europa.eu/eu-action/eu-emissions-trading-system-eu-ets/social-climate-fund_ga

[48] I Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, IO L 130, 16.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/955/oj, sainítear 'bochtaineacht iompair' mar 'neamhábaltacht nó deacracht daoine aonair agus teaghlaigh na costais a bhaineann le hiompar príobháideach nó poiblí a sheasamh, nó easpa rochtana nó rochtain theoranta a bheith acu ar an iompar is gá ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar sheirbhísí socheacnamaíocha bunriachtanacha agus gníomhaíochtaí socheacnamaíocha bunriachtanacha, agus an comhthéacs náisiúnta agus spásúil á chur san áireamh'.

[49] C(2025) 3068 final Moladh ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2025 maidir le bochtaineacht iompair: soghluaisteacht inacmhainne, inrochtana agus chothrom a áirithiú https://eur-lex.europa.eu/eli/reco/2025/1021/oj/eng

léasú chun tacú le húsáideoirí iompair ar ioncam íseal. Thairis sin, i dTuarascáil 2024 maidir le bochtaineacht iompair[50], rinneadh breithniú ar tháscairí ionchasacha chun bochtaineacht iompair a thomhas agus liostaíodh straitéisí ionchasacha maidir le maolú. Ar deireadh, thiomnaigh feachtas na Seachtaine Eorpaí um Shoghluaisteachtseachtain 2025 do théama 'Soghluaisteacht do chách'[51], agus é dírithe ar ábhar na bochtaineachta iompair.

Maidir le bearta chun inacmhainneacht na rothaíochta a mhéadú, féadfaidh na Ballstáit rátaí laghdaithe CBL a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí a bhaineann le rothair a sholáthar, a ligean ar cíos agus a dheisiú, lena n-áirítear rothair leictreacha[52].

Tá roinnt samplaí ann de shoghluaisteacht chuimsitheach, inacmhainne agus shláintiúil a spreagadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

Ghlac an tSlóivéin bearta chun ceannach rothar leictreach a fhóirdheonú[53], go háirithe le haghaidh comaitéireacht laethúil i gceantair uirbeacha.

Ina Chonradh Cathrach Aeráide, chuir Leipzig (an Ghearmáin) isteach bearta lena dtairgtear fóirdheontais do chuideachtaí le haghaidh rothair lasta. Glacann sé páirt i dtreoirthionscadail freisin i réimse na lóistíochta atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Le feachtas na hÍsiltíre, 'Kies de Fiets!' ('Roghnaigh an Rothar'), dreasaítear cuideachtaí chun liúntas 23 cent in aghaidh an chiliméadair (saor ó cháin) a dheonú dá bhfostaithe. Sheol an Aireacht Bonneagair agus Bainistithe Uisce an feachtas agus díríonn sé ar fhostóirí a spreagadh chun a bhfoireann a spreagadh chun rothaíocht a dhéanamh níos minice, trí shaoráidí maithe rothaíochta a sholáthar agus trí liúntas míleáiste a thairiscint do rothaithe.

Sa Phortaingéil, tá feidhm ag ráta laghdaithe CBL 6 % maidir le díol rothar ó bhí 2023 ann. Úsáideann ECF rianaire ar líne chun faireachán a dhéanamh ar thart ar 300 scéim dreasachta cánach agus préimhe ceannaigh don rothaíocht a sholáthraítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil[54].

Chun aistriú módúil a spreagadh, tá tionscadal ar a dtugtar 'Bike2Green'[55] ag baint úsáid as cluichiú chun rothaíocht a chur chun cinn i Stócólm (an tSualainn). Tá an tionscadal sin á mhaoiniú faoin tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, agus tá bogearraí paitinnithe á bhforbairt aige chun faireachán a dhéanamh ar thurais rothaíochta, agus luaíocht a thabhairt ina leith, trí bhíthin aisíocaíochtaí in aghaidh an chiliméadair agus duaiseanna eacnamaíocha.

## 4. CAIBIDIL III: TUILLEADH BONNEAGAIR ROTHAÍOCHTA AGUS BONNEAGAR ROTHAÍOCHTA NÍOS FEARR A CHRUTHÚ

Chun úsáid rothaíochta a mhéadú, is gá cáilíocht, cainníocht, leanúnachas, sábháilteacht agus tarraingteacht an bhonneagair rothaíochta a fheabhsú. Ní mór an bonneagar a chur in oiriúint freisin do na héilimh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo – lena n-áirítear rothair

---

50 2024, Tuarascáil Chríochnaitheach - *Transport poverty: definitions, indicators, determinants, and mitigation strategies* [Bochtaineacht iompair: sainmhínithe, táscairí, cinntithigh, agus straitéisí maolaithe], https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/document/download/4c180544-b1a1-455b-93df-d2b70f536596_en?filename=KE-01-24-003-EN-N.pdf

51 https://mobilityweek.eu/theme-2025/

52 Treoir (AE) 2022/542 ón gComhairle (IO L 107, 6.4.2022, lch. 1)

53 https://www.gov.si/zbirke/javne-objave/javni-poziv-za-dodeljevanje-nepovratnih-financnih-spodbud-polnoletnim-fizicnim-osebam-za-nakup-elektricnih-koles/

54 https://www.ecf.com/en/resources/tracker-money-for-bikes/

55 Bike2Green - ECF

lasta (ar minic iad a bheith níos leithne), rothair lena ngabhann leantóirí (atá níos faide) agus rothaithe atá ag taisteal ar luasanna éagsúla[56]. Tá na réimsí seo a leanas curtha in iúl ag páirtithe leasmhara mar réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar bhonneagar rothaíochta na hEorpa: (i) bonneagar lóistíochta rothar (e.g. micreamhoil), (ii) réitigh pháirceála rothar shábháilte amhail saoráidí páirceála faoi chosaint ag stáisiúin traenach agus boscaí rothaíochta i limistéir uirbeacha, (iii) bonneagar luchtaithe i bhfoirgnimh, ag an ionad oibre agus ag moil phobail thábhachtacha agus áiteanna gnóthacha freisin amhail ollmhargaí, (iv) bonneagar chun rothair a iompar ar thraenacha, agus (v) sábháilteacht fhoriomlán an bhonneagair rothaíochta[57].

San am céanna, tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar threoirdhoiciméad maidir le dearadh agus cáilíocht bonneagair shábháilte d'úsáideoirí leochaileacha bóithre, lena n-áirítear rothaithe agus úsáideoirí gaireas micrea-shoghluaisteachta[58]. Mar thoradh ar shainstaidéar[59], a bhfuiltear ag súil le torthaí uaidh in 2026, cuideofar le treoraíocht den sórt sin a ullmhú. Leis an treoraíocht do na Ballstáit agus leis na bearta sábháilteachta a leanann as an obair sin, tabharfar aghaidh ar bhonneagar d'úsáideoirí leochaileacha a dheighilt ón mbonneagar le haghaidh tráchta, i gcás inarb iomchuí, nó ar bhainistiú luais agus ar bhearta éagsúla maolaithe tráchta, i measc nithe eile. D'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar shábháilteacht gach úsáideora bóthair agus bonn eolais a chur faoi dhearadh cois bóthair sábháilte lena dteorannaítear déine an tráma i gcás tuairte. Chuir EGUM ionchur ar fáil freisin do na húdaráis áitiúla maidir leis an ngá le sábháilteacht an bhonneagair rothaíochta a mhéadú nuair a bhreathnaítear ar threochtaí amach anseo sa tsoghluaisteacht uirbeach i gcomhréir le glacadh méadaitheach na mbeart rothaíochta sa phleanáil uirbeach inbhuanaithe i gcathracha[60].

Cuidíonn an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (an Treoir maidir le FFF)[61] le tarraingteacht na rothaíochta a mhéadú freisin trí cheanglais dhlíthiúla a thabhairt isteach maidir leis an líon íosta spásanna páirceála rothar in ionaid oibre nó i bhfoirgnimh chónaithe agus maidir le saoráidí luchtaithe a shuiteáil ina dhiaidh sin. Tá dea-shamplaí ann cheana féin i dtrasuí na Treorach seo ar fud na hEorpa, mar shampla sa Phortaingéil[62], sa Fhrainc[63] agus sa Bheilg[64].

Tugann cuid mhór cathracha líon mór samplaí de ghníomhaíochtaí atá dírithe ar fheabhas a chur ar an ngréasán rothaíochta agus ar nascacht a áirithiú. Seasann Lund (an tSualainn) amach mar gheall ar an machnamh atá déanta aige ar nascacht uirbeach-tuaithe, agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht a bhaineann le naisc iompair rianúla idir an chathair agus na pobail fho-uirbeacha agus tuaithe máguaird trí sheacht 'sárbhealach' rothar a thógáil sa chathair agus chuig an gcathair agus uaithi (81 km san iomlán). Gheall Taurage (an Liotuáin) a bonneagar rothaíochta a leathnú chun lonnaíochtaí iargúlta atá gar do limistéir áineasa, agus pobail ghairdín a shroicheadh (thart ar 86 km de raonta rothaíochta nua). Leathnaigh Liúibleána (an

[56] Tuarascáil EGUM maidir le Todhchaí na soghluaisteachta uirbí agus maidir le spás uirbeach cuimsitheach agus inbhuanaithe: https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/urban-transport/expert-group-urban-mobility_ga

[57] *The transition pathway for the EU Mobility Industrial Ecosystem* [An chonair aistrithe le haghaidh Éiceachóras Tionsclaíoch Soghluaisteachta an Aontais], Eanáir 2024, An Chonair Aistrithe Soghluaisteachta

[58] Mar a iarradh faoi Airteagal 4(6) de Threoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú, IO L 319, 29.11.2008, lch. 59 IO L 183, 9.7.2019, lch. 15

[59] Treoraíocht maidir le dearadh 'cois bóthair atá maiteach', 'bóithre féinmhínitheacha agus féin-fhorfheidhmithe' agus, chomh maith leis sin, maidir le ceanglais cháilíochta an bhonneagair bóithre d'úsáideoirí leochaileacha bóithre

[60] Tuarascáil EGUM: *Inclusive and sustainable future of urban mobility in Europe*.

[61] Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj

[62] Agus úsáid á baint as an Treoir maidir le FFF (Treoir AE 2024/1275) agus á leathnú a thuilleadh.

[63] Dea-chleachtais a fhorbairt maidir le páirceáil rothar i bhfoirgnimh: https://www.ecologie.gouv.fr/sites/default/files/documents/guide-stationnement-velo-constructions.pdf.

[64] D'fhorbair réigiún Fhlóndras *vade mecum* maidir le saoráidí rothar (Vademecum fietsvoorzieningen) ina bhfuil sainchaibidil maidir le bonneagar páirceála rothar.

tSlóivéin) an líonra rothaíochta laistigh den chathair agus sa réigiún araon, trína nascadh le bealaí rothaíochta náisiúnta agus trí fheabhas a chur ar pháirceáil rothar agus saoráidí stórála slána.

## 5. CAIBIDIL IV: INFHEISTÍOCHTAÍ A MHÉADÚ AGUS DÁLAÍ FABHRACHA A CHRUTHÚ DON ROTHAÍOCHT

Tá infheistíochtaí ríthábhachtach chun glacadh na rothaíochta a mhéadú. Cuireadh acmhainní móra airgeadais ar fáil ar leibhéal an Aontais do na Ballstáit agus d'údaráis áitiúla le blianta beaga anuas. Le Beartas Comhtháthaithe an Aontais, cuirtear príomhfhoinse chistiúcháin ar fáil do na Ballstáit le haghaidh bonneagar rothaíochta trí chláir náisiúnta, réigiúnacha agus trasteorann.

Go háirithe, cuireann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa formhór na leithdháiltí infheistíochta rothaíochta ar fáil. San iomlán, tá infheistíochtaí tiomnaithe rothaíochta beartaithe ag 21 Bhallstát agus ag líon mór clár trasteorann[65]. Sa tréimhse 2014-2020, infheistíodh EUR 2,1 billiún i dtógáil raonta rothar agus cosán ar fud an Aontais, ar méadú é sin ó EUR 700 milliún sa tréimhse maoinithe roimhe sin ó 2007 go 2013. Sa chlárthréimhse reatha 2021-2027, cuireadh EUR 4,5 billiún i leataobh do raon infheistíochtaí rothaíochta agus soláthróidh an tAontas EUR 3,2 billiún den mhéid sin agus soláthrófar EUR 1,3 billiún de as acmhainní náisiúnta. Ba cheart go dtacódh sé sin le níos mó ná 12 000 ciliméadar de raonta rothaíochta nua nó feabhsaithe. Tá tionscadail chun feabhas a chur ar bhonneagar rothaíochta trasteorann á gcur chun feidhme freisin, go háirithe faoi chláir Interreg. Ní ar mhaithe le cur chun cinn na turasóireachta amháin atá siad sin, ach chun rogha eile a sholáthar do chomaitéirí trasteorann mar mhalairt ar ghluaisteáin. Ó bhí 2021 ann, tá thart ar EUR 163 mhilliún leithdháilte ar thionscadail rothaíochta faoi Interreg.

A mhéid a bhaineann le soghluaisteacht tuaithe, féadfaidh tionscnaimh agus tionscadail rothaíochta tacaíocht a fháil freisin ón gComhbheartas Talmhaíochta 2023-2027 (CBT). Ar na samplaí de thionscadail den sórt sin tá: iarlíne iarnróid a thiontú ina glasbhealach don rothaíocht, slógaí rothaíochta a eagrú mar bhealach chun idirghníomhaíocht shóisialta agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, stáisiúin luchtaithe rothar leictreach, raonta rothar agus réitigh shoghluaisteachta atá neamhdhíobhálach don aeráid a thógáil, bealaí rothaíochta turasóireachta a chur chun cinn, agus imeachtaí rothaíochta a eagrú chun cáilíocht saoil agus tarraingteacht na gceantar tuaithe a fheabhsú[66]. Tá sé sin i gcomhréir leis na cuspóirí agus na tionscnaimh faoin bhFís Fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe na hEorpa[67] lena n-iarrtar ar na Ballstáit agus ar na réigiúin straitéisí soghluaisteachta tuaithe inbhuanaithe a fhorbairt lena gceanglaítear, i measc nithe eile, iarrachtaí a bheith ann chun tacú le réitigh shoghluaisteachta astaíochtaí nialasacha amhail rothaíocht, raonta rothaíochta agus naisc ilmhódacha, lena n-áirítear iompar gníomhach.

Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) acmhainní móra ar fáil freisin le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe trí na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Leithdháileadh EUR 650 billiún san iomlán ar na Ballstáit trí dheontais agus iasachtaí faoin gclár Next Generation EU. Tá tacaíocht don bhonneagar rothaíochta san

---

65 *#EURegioDataStories – Exploring investments 2021-2027: support to cycling infrastructure*

66 Cistiú trí straitéisí forbartha áitiúla LEADER, straitéisí sráidbhailte cliste agus infheistíochtaí i seirbhísí bunúsacha agus i mbonneagar i gceantair thuaithe. Maoiníonn LEADER straitéisí forbartha áitiúla ar fud na hEorpa tuaithe faoi CBT trí bhíthin buiséad EUR 5 bhilliún ó Aontas don tréimhse 2023-27

67 COM/2021/345 final: Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040

áireamh le roinnt beart[68]. Meastar gurb é EUR 1,3 billiún an méid iomlán atá curtha in áirithe do thionscadail a bhaineann leis an rothaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Níos déanaí fós, tá deiseanna breise cistiúchán féideartha ar fáil tríd an gCiste Aeráide Sóisialta (CAS) thuasluaite. Cé go bhfuil solúbthacht ag na Ballstáit maidir le tosaíochtaí maoiniúcháin a shocrú, bunaíonn Rialachán CAS liosta soiléir de bhearta agus d'infheistíochtaí incháilithe ar féidir iad a áireamh sna pleananna. Tá réitigh shoghluaisteachta agus iompair astaíochtaí nialasacha agus ísle, lena n-áirítear ceannach rothar, incháilithe chun tacaíocht a fháil, mar atá, mar shampla, dearbháin iompair le haghaidh seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte (e.g. comhroinnt rothar) agus infheistíochtaí i mbonneagar rothaíochta.

Thug EGUM léargais úsáideacha ar dhea-chleachtais agus samplaí de dhea-chleachtais maidir le bearta féideartha a bhaineann leis an rothaíocht a bhféadfaí tacú leo trí CAS [69]. Mar shampla, trí thacú le húdaráis áitiúla feabhas a chur ar bhonneagar rothaíochta agus trí stáisiúin traenach a nascadh le hionaid phoiblí amhail scoileanna agus saoráidí cúraim sláinte (EUR 4,7 milliún ó Aireacht Iompair na Spáinne do 10 mbardas bheaga[70]) nó trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar le haghaidh ceannacháin rothar lasta agus leantóirí le haghaidh fiontraithe agus FBManna (suas le EUR 4 000 le haghaidh rothair lasta agus EUR 2 000 le haghaidh leantóirí trí dheontais um leathnú eacnamaíoch réigiúnach ó Réigiún Príomhchathrach na Bruiséile (an Bheilg)[71]).

Ar an leibhéal áitiúil, ar bhonn réamhanailís ar na 39 bplean infheistíochta a chuir cathracha isteach agus a ndearnadh measúnú orthu, tá sé measta ag Mol Caipitil Mhisean na gCathracha Aeráidneodracha Cliste gur cuireadh os cionn EUR 4 bhilliún i leataobh le haghaidh infheistíochtaí atá beartaithe i gcomhair bonneagar rothaíochta agus coisithe.

## 6. CAIBIDIL V: SÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁNDÁIL AR BHÓITHRE A FHEABHSÚ

Mar thoradh ar ghlacadh méadaithe na rothaíochta, tugtar níos mó airde ar dhúshláin a bhaineann le sábháilteacht, ós rud é go mbíonn tionchar diúltach díréireach ar rothaithe i dtuairteanna tráchta ar bhóithre, go háirithe i gceantair uirbeacha. Is iad rothaithe an t-aon ghrúpa úsáideoirí bóithre san Aontas a bhfuil méadú tagtha ar an líon básanna ann le10 mbliana anuas[72]. De réir na réamhfhigiúirí maidir le básanna ar bhóithre san Aontas[73], tá luas an fheabhsaithe fós mall. Léiríonn na sonraí atá ar fáil gur rothaithe iad 10 % de na básanna uile. Laistigh de cheantair uirbeacha, is úsáideoirí leochaileacha bóithre (coisithe, rothaithe agus úsáideoirí dé-rothaigh chumhachtaithe agus gaireas soghluaisteachta pearsanta) iad beagnach 70 % d'iomlán na mbásanna. Baineann mórdhíobhálacha de chuid mhór eile. Is eol freisin go bhfuil tearcthuairisciú suntasach ann ar imbhuailtí bóthair neamh-mharfacha a bhaineann le rothaithe. Ós rud é gur minic nach mbíonn i staitisticí oifigiúla bóthair ach staitisticí a sholáthraíonn fórsaí póilíneachta, is minic nach mbraitear imbhuailtí nár éirigh tuarascáil ó na

68 COM(2023) 545 final/2 TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar aghaidh: https://commission.europa.eu/document/download/3b4a06ba-21f1-40e6-ae33-4d308ddb98da_en?filename=COM_2023_545_1_EN_0.pdf

69 https://transport.ec.europa.eu/document/download/f7e54ea5-23aa-4f8d-a24c-9d902fc9652c_en?filename=EGUM_Recommendations_Social-Climate-Fund.pdf

70 https://www.transportes.gob.es/el-ministerio/sala-de-prensa/noticias/jue-05122024-1319

71 https://economie-emploi.brussels/prime-velo-cargo

72 https://road-safety.transport.ec.europa.eu/document/download/c82fa210-8707-4402-a9be-b70deded1d5e_en?filename=road_safety_thematic_report_cyclists.pdf

73 Staitisticí 2024 maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre – An Coimisiún Eorpach: https://transport.ec.europa.eu/background/road-safety-statistics-2024_ga

póilíní astu, rud a chiallaíonn nach ndéantar tuairisciú ar líon mór imbhuailtí a raibh díobháil nó damáiste ábhartha ann mar thoradh orthu.

Déanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le rialacha sábháilteachta ar bhóithre a fhorfheidhmiú trí rialacha an Aontais maidir le ceadúnais tiomána a nuachóiriú[74] tar éis an chomhaontaithe shealadaigh a rinneadh i mí an Mhárta 2025 idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí leochaileacha bóithre, déanann na rialacha nua na ceanglais oiliúna agus tástála a choigeartú, trí bhéim níos mó a leagan ar shábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre sin. Cuidíonn Treoir (AE) 2024/3237[75] freisin le sábháilteacht agus slándáil rothaithe a fheabhsú trína áirithiú go ngearrtar pionós ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais, i gcás cionta tiomána contúirteacha, amhail teagmhais 'scoitheadh contúirteach' agus 'buille is teitheadh', gan beann ar an tír ina dtarlaíonn an cion. Ina theannta sin, rud tábhachtach is ea go gcumhdaíonn an t-athbhreithniú cionta a bhaineann le mí-úsáid lánaí rothaíochta freisin. Ar deireadh, chun tuilleadh eolais agus léargas a thabhairt maidir le sábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí bóithre leochaileacha, dearadh saintopaic thaighde faoi Chlár Oibre 2025 de Bhraisle 5 d'Fhís Eorpach. Díríonn sé ar Shábháilteacht Rothaithe, Coisithe agus Úsáideoirí Gaireas Micrea-shoghluaisteachta[76].

In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar ar an ngá le rialacha comhchuibhithe chun tacú le méadú na micrea-shoghluaisteachta agus le sábháilteacht mhéadaithe ar bhóithre le haghaidh gairis soghluaisteachta pearsanta[77]. Ba é aidhm an staidéir féachaint an mbeadh sé indéanta agus inmhianaithe rialachán comhchuibhithe Eorpach maidir le gairis soghluaisteachta pearsanta a fhorbairt. Mar chuid den staidéar, breathnaíodh freisin ar an gcreat rialála is infheidhme maidir le rothair leictreacha agus ar conas is féidir é sin a fheabhsú chun cur in úsáid tapa (nó níos tapúla) rothar leictreach a chothú. Moladh roinnt roghanna rialála sa staidéar sin.

Bhailigh EGUM roinnt ionchur agus cás-staidéar ina soláthraítear samplaí den chaoi a raibh bearta méadaithe feasachta agus feachtais sábháilteachta ar bhóithre á gcur chun feidhme. I measc na samplaí suimiúla, tá: (i) Tuarascáil náisiúnta chuimsitheach na Fraince[78] lena dtugtar aghaidh ar shaincheist phráinneach an mhótar-fhoréigin agus ar chomhroinnt spáis phoiblí idir catagóirí éagsúla úsáideoirí bóithre, lena n-áirítear moltaí; agus (ii) feachtas ar fud na tíre i Málta a chumhdaíonn gach aoisghrúpa agus raon leathan páirtithe leasmhara, á reáchtáil ag an rialtóir náisiúnta iompair agus a bhfuil mic léinn sna healaíona cruthaitheacha páirteach ann[79]. Sa Ghearmáin, tá tacaíocht leathan ann d'fheachtais maidir le húsáid shábháilte rothar leictreach[80] agus maidir le 'laethanta sábháilteachta bóthair' agus rothaíocht shábháilte a chur

---

74 Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún: COM(2023) 127 final

75 Treoir (AE) 2024/3237 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, IO L, 2024/3237, 30.12.2024, https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2024/3237/oj/eng

76 Oscailt: 16 Meán Fómhair 2025 - Spriocdháta(í): 20 Eanáir 2026: topaic HORIZON-CL5-2026-01-D6-13: Safety of Cyclists, Pedestrians and Users of Micromobility Devices

77 *Study on the need for harmonised rules to support the rise of micro mobility and increased road safety for personal mobility devices, Final Report* [Staidéar ar an ngá le rialacha comhchuibhithe chun tacú le méadú na micrea-shoghluaisteachta agus le méadú na sábháilteachta ar bhóithre i gcás gairis soghluaisteachta pearsanta, Tuarascáil Chríochnaitheach], 2024, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/4286a092-a55f-11ef-85f0-01aa75ed71a1.

78 2025.04.08_Prevenir_les_violences_et_apaiser_les_tensions_pour_mieux_partager_la_voie_publique.pdf

79 https://futuremobility.gov.mt/

80 https://www.e-im-griff.de/

chun cinn[81], lena n-áirítear tástáil spriocdhírithe do leanaí[82] agus cúrsaí oiliúna do sheanóirí[83]. Agus ar deireadh, tá creat náisiúnta forbartha ag an bPortaingéil le haghaidh oiliúint rothaíochta a dhíríonn ar scoileanna[84] agus chuir sí os cionn 20 000 rothar agus níos mó ná 2 000 fearas sábháilteachta ar fáil do níos mó ná 1 000 scoil ar fud na tíre.

Tá tús curtha ag roinnt Ballstát le gníomhaíocht a dhéanamh chun dul i ngleic le gadaíocht rothar[85]. Is amhlaidh atá an cás sa Fhrainc, inar tugadh isteach oibleagáid dhlíthiúil cheana féin in 2021 maidir le rothair nua a shainaithint. Faoi 2025, bhí lipéad sainaitheantais ag níos mó ná 7 milliún rothar sa Fhrainc[86]. In 2024, sheol an Bheilg an t-ardán MyBike[87], ar tionscnamh deonach é de chuid rialtais chónaidhme agus réigiúnacha maidir le lipéadú rothar chun gadaíocht a chosc. Cé gur tuairiscíodh roinnt córais lipéadaithe agus/nó clárúcháin náisiúnta nó áitiúla eile, níl aon fhorbhreathnú cuimsitheach ann fós ar an ábhar sin ar fud na mBallstát.

## 7. Caibidil VI: Tacú le poist ardcháilíochta agus forbairt a dhéanamh ar thionscal rothaíochta Eorpach den chéad scoth

I dtuarascáil 2024 maidir leis an gconair aistrithe d'Éiceachóras Tionsclaíoch Soghluaisteachta an Aontais[88], rinneadh breithniú ar an tsoghluaisteacht mar phríomh-éiceachóras tionsclaíoch. In éineacht le mótarfheithiclí, iompar ar uisce agus iarnród, áiríodh an tionscal rothaíochta sa chonair den chéad uair. Tharraing an tuarascáil aird ar conas a sholáthraíonn slabhra luacha rothaíochta an Aontais – monaraíocht, bonneagar rothaíochta, turasóireacht rothar, rothair a ligean ar cíos, lóistíocht rothar agus seirbhísí eile – 1,3 milliún post agus ar conas a chuireann sé EUR 21 bhilliún le OTI an Aontais Eorpaigh. Cumhdaíonn slabhra soláthair rothaíochta an Aontais os cionn 1 000 fiontar beag agus meánmhéide[89].

D'fháiltigh an Coimisiún roimh ghealltanais na bpáirtithe leasmhara chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an lorg comhshaoil agus aeráide a bhaineann le táirgeadh rothar agus rothar leictreach a laghdú; (ii) spriocanna a shocrú agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun feidhme; agus (iii) tacú leis an rothaíocht mar mhodh iompair inmharthana agus inbhuanaithe. Gheall údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla infheistíocht a dhéanamh i stáisiúin pháirceála do rothair agus do ghairis soghluaisteachta pearsanta eile, gan ach cúpla sampla a lua. Thairg cuideachtaí tacú leis an ngairmoiliúint, bearta a chur chun feidhme chun tallann nua a mhealladh agus cláir oiliúna a sheoladh do mhná sa tionscal rothaíochta.

De réir sonraí ó pháirtithe leasmhara agus ón tionscal[90], díoladh 20 milliún rothar in 2022, ar rothair leictreacha iad 5,5 milliún díobh agus ar cóimeáladh 15,3 milliún díobh san Aontas agus monaraíodh 45-50 % dá gcomhpháirteanna uile san Eoraip.

De réir thuarascáil le Eurostat ó 2024[91], táirgeadh 9,7 milliún rothar san Aontas in 2023, ar laghdú 24 % é sin i gcomparáid leis an bhfigiúr 12,7 milliún in 2022. In 2023, ba í an Phortaingéil an táirgeoir rothar ba mhó, agus 1,8 milliún aonad táirthe aici, agus bhí an Rómáin (1,5 milliún), an Iodáil (1,2 milliún) agus an Pholainn (0,8 milliún) ann ina diaidh. Léiríonn na

81 https://www.verkehrswacht.de/fahrrad-aber-sicher/
82 https://www.moenchengladbach.de/de/kinderverkehrsgarten
83 https://www.verkehrswacht.de/fit-mit-dem-fahrrad/
84 Pedala! Da escola para a vida – Instituto da Mobilidade e dos Transportes
85 *Cycling Strategies in Europe: Progress made, but the pace must accelerate* – ECF
86 https://apic-asso.com/
87 https://mybike.belgium.be/fr/
88 https://ec.europa.eu/docsroom/documents/57674
89 *2023 CONEBI Bicycle Industry and Market Report (BIMP)*
90 CONEBI/CIE/ECF: *EU and UK Market and Industry forecast*
91 https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/w/ddn-20241120-2

sonraí gur tháinig laghdú ar tháirgeadh rothar idir 2022 agus 2023 in 14 as 17 dtír san Aontas a rinne tuairisciú. Bhí tionchar nach beag ag costais táirgthe a bhí ag dul i méid, suaitheadh leanúnach sa slabhra soláthair, agus éiginnteachtaí eacnamaíocha ar an tionscal. In 2023, d'onnmhairigh an tAontas luach EUR 1,03 billiún de rothair (idir rothair leictreacha agus rothair neamhleictreacha) ar laghdú 10 % é i gcomparáid le figiúr 2022. Ba é luach na n-allmhairí EUR 1,98 billiún, laghdú 21 % i gcomparáid le 2022[92].

Is é an tAontas Eorpach an ceannaire domhanda maidir le comhroinnt rothar agus maidir le seirbhísí a bhaineann leis an rothaíocht a fhorbairt (mar shampla seirbhísí síntiúis, deisiú nó turasóireacht rothaíochta). Mar sin féin, tuairiscíonn páirtithe leasmhara dúshláin mhóra maidir le praghsáil fós (e.g. is féidir le rothair agus rothair leictreacha a mhonaraítear i dtíortha nach tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bheith idir 30 % agus 70 % níos saoire, mar gheall ar fhóirdheontais Stáit go páirteach).

Chuidigh ionstraimí cosanta trádála an Aontais (i.e. bearta frithdhumpála, frith-fhóirdheontais agus frith-imchéimniúcháin) le tionscal an Aontais a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála agus ar iomaíocht éagórach. Chun cás eacnamaíoch a dhéanamh maidir le rannchuidiú na rothaíochta leis an iompar inbhuanaithe, rinneadh staidéir inar díríodh ar Bhallstáit shonracha. Orthu siúd tá staidéar ar an ngeilleagar rothaíochta sa Bheilg[93] agus staidéar a dhéanann measúnú ar an stádas agus na treochtaí reatha in earnáil rothaíochta na hÍsiltíre[94].

Tugann an Fhrainc sampla luachmhar de thacaíocht tionscail ar an leibhéal náisiúnta: mar chuid den chlár 'France 2030', soláthraíonn glao ar thionscadail tacaíocht d'iarrachtaí thionscal na rothar chun rothair agus trealamh gaolmhar a tháirgeadh sa Fhrainc[95]. Tá an tionscnamh 'Filière vélo' cruthaithe ag an bhFrainc freisin[96]. Leis an tionscnamh sin, a thugann comhlachais agus páirtithe leasmhara eacnamaíocha, institiúideacha agus críochacha le chéile, cuirtear fís chomhroinnte agus bearta chun cinn chun cuidiú deighleoga éagsúla gnó thionscal na rothaíochta a fhorbairt ar fud réigiúin uile na Fraince.

## 8. CAIBIDIL VII: TACÚ LE HILMHÓDÚLACHT AGUS LE TURASÓIREACHT ROTHAÍOCHTA

Is cuid de threoirphrionsabail na soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe í an ilmhódúlacht. Cuirtear i dtábhacht sa Dearbhú an ról lárnach atá ag an rothaíocht maidir leis an nascacht ilmhódúil a fheabhsú, lena n-áirítear i gcomhthéacs na turasóireachta, go háirithe in éineacht le traenacha agus busanna, i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe araon. Tugadh aghaidh ar réitigh ilmhódúil a chur chun cinn tríd an rothaíocht a chomhtháthú le modhanna eile iompair i roinnt tionscnamh reachtach agus beartais le blianta beaga anuas. Sa Rialachán athbhreithnithe maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid[97] tá rialacha nua agus feabhsaithe maidir le rothair a iompar ar thraenacha. Sainordaítear leis freisin, ó mhí an Mheithimh 2025, nach mór ceanglas a bheith ann i nósanna imeachta soláthair le haghaidh traenacha nua agus traenacha a bhfuil mór-uasghrádú déanta orthu go mbeidh ceithre sainspás

---

92 https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/w/ddn-20240603-1#:~:text=A%20further%20look%20into%20the,3.5%20million%20(%2D34%25

93 Arna dhéanamh ag Transport & Mobility Leuven (TML): https://www.tmleuven.be/en/project/The-cycling-economy-in-Belgium.

94 *International earning potential of the Dutch bicycle sector: International earning potential of the Dutch bicycle sector*.

95 https://www.economie.gouv.fr/actualites/france-2030-lancement-de-lappel-projets-industrie-du-velo.

96 https://filierevelo.com/.

97 Rialachán (AE) Uimh. 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú), IO L 172, 17.5.2021, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/782/oj

ar a laghad ann chun rothair chóimeáilte (ní hamháin rothair fhillte) a iompar[98]. Is féidir leis na Ballstáit a chinneadh freisin líon níos airde ná ceithre cinn a shocrú mar an t-íoslíon le haghaidh cineálacha áirithe seirbhísí. Tá feidhm ag na rialacha sin maidir le gach seirbhís iarnróid do phaisinéirí san Aontas[99].

Tá soghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear rothaíocht, go mór chun tosaigh sa Chonair Aistrithe le haghaidh na Turasóireachta[100]. Déantar an dul chun cinn intomhaiste maidir le cur chun feidhme a leagan amach sa tuarascáil athbhreithnithe is déanaí: i roinnt gealltanas a chuir páirtithe leasmhara agus údaráis réigiúnacha agus áitiúla isteach, tugtar aghaidh ar bhearta a bhaineann leis an rothaíocht, e.g. luchtanna riaracháin réigiúnacha agus áitiúla a fhorbraíonn agus a fheabhsaíonn bonneagar rothaíochta agus stáisiúin luchtaithe chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a shocraíonn spriocanna coincréiteacha chun an tsoghluaisteacht ghníomhach agus inbhuanaithe a mhéadú, go háirithe an turasóireacht rothaíochta[101]. Tá Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe an Aontais á forbairt faoi láthair, agus tá sí le heisiúint in 2026: is é is aidhm di samhail turasóireachta iomaíoch, inbhuanaithe agus chuimsitheach a mhúnlú agus, chomh maith leis sin, rachaidh sí i ngleic leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe i measc príomhréimsí fócais.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí EGUM in ann samplaí inspioráideacha den nascacht ilmhódúlach agus den turasóireacht rothaíochta a rianú. Tá cur chuige déach á chur chun feidhme ag Comhpháirtíocht na Seice um Shoghluaisteacht Uirbeach, in éineacht le hAireacht Iompair na Seice, chun tacú leis an ilmhódúlacht agus leis an turasóireacht rothaíochta. Tríd an tionscadal Danube Active2&Public Transport (A2PT)[102], tá siad ag obair chun sineirgí idir an rothaíocht agus an t-iompar poiblí ar fud an réigiúin a fheabhsú. Déantar é sin trí fheabhas a chur ar shaoráidí chun rothair a iompar ar bhusanna agus ar thraenacha, trí pháirceáil dhaingean ag moil iompair a uasghrádú agus trí thacú le tairseach léarscáileanna rothaíochta ar líne chun cuidiú bardais a nascadh le gréasán sábháilte bealaí iompair atá oiriúnach do rothaithe le haghaidh oibre, oideachais, fóillíochta nó turasóireachta. Le déanaí, ghníomhachtaigh Aireacht Iompair agus Soghluaisteachta Inbhuanaithe na Spáinne EUR 10 milliún do bhardais chun scéimeanna nua poiblí comhroinnte rothar a chur chun feidhme agus chun scéimeanna atá ann cheana a leathnú[103]. Sa Fhrainc, bhunaigh páirtithe leasmhara straitéis náisiúnta don turasóireacht rothar[104]. Sa Ghearmáin, trí shainchlár tiomnaithe, tá an rialtas feidearálach ag tacú le bearta éagsúla a nascann iompar poiblí leis an rothaíocht ar fud na tíre. Mar chuid de sin tá saoráidí páirceála daingne do rothair phríobháideacha ag stáisiúin agus stadanna lárnacha iompair phoiblí[105].

---

98 Féadfaidh gnóthais iarnróid líon difriúil a shocrú ina bpleananna maidir le rothair a iompar. Nuair a chinneann gnóthais iarnróid pleananna den sórt sin a chur ar bun, ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis an bpobal.

99 Ach, is féidir leis na Ballstáit a chinneadh seirbhísí iarnróid uirbeacha agus fo-uirbeacha do phaisinéirí a dhíolmhú ó na rialacha áirithe sin maidir le rothair a iompar ar thraenacha. Níor thug ach 6 Bhallstát fógra don Choimisiún maidir le díolúintí iomlána (AT, HU, PT, RO, SK) nó díolúintí páirteacha (FR) maidir leis na rialacha sin le haghaidh na seirbhísí sin: https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/passenger-rights/rail-passenger-rights_ga

100 https://transport.ec.europa.eu/tourism/transition-eu-tourism_ga

101 https://transition-pathways.europa.eu/tourism/knowledge-and-learning/ttp-reports

102 https://interreg-danube.eu/projects/active2public-transport

103 *Art 47 de BOE-A-2025-1560 Real Decreto-ley 1/2025, de 28 de enero, por el que se aprueban medidas urgentes en materia económica, de transporte, de Seguridad Social, y para hacer frente a situaciones de vulnerabilidad: BOE-A-2025-1560 Real Decreto-ley 1/2025, de 28 de enero, por el que se aprueban medidas urgentes en materia económica, de transporte, de Seguridad Social, y para hacer frente a situaciones de vulnerabilidad.*

104 https://www.velo-territoires.org/politiques-cyclables/tourisme-a-velo/strategie-nationale-tourisme-a-velo/

105 https://bmdv.bund.de/DE/Themen/Mobilitaet/OEPNV/Foerderprogramm-Staerkung-OEPNV/foerderprogramm-staerkung-oepnv.html

## 9. Caibidil VIII: Feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le rothaíocht

Mar gheall ar an easpa sonraí uile-Aontais faoi láthair maidir leis an rothaíocht mar aon leis an easpa bailithe sonraí comhchuibhithe agus na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, cruthaítear bearna mhór eolais.

Is é is cuspóir don staidéar arna mhaoiniú ag an Aontas maidir le staid reatha agus forbairt fhéideartha bhonneagar rothaíochta an Aontais Eorpaigh (an staidéar 'Cycling Counts') **bonnlíne uile-Aontais le haghaidh bonneagar rothaíochta** a bhunú. Leagtar amach ann modheolaíocht chun sonraí a bhailiú maidir le rothaíocht agus faireachán ar dhul chun cinn maidir le ceithre ghné: gréasán raonta rothar, úsáid rothar, sábháilteacht rothaithe, agus seirbhísí a bhaineann leis an rothaíocht. Go dtí seo, mar gheall ar na réamhthorthaí, bhíothas in ann os cionn **900 000 km de raonta agus lánaí rothar** a shainaithint ar leibhéal an Aontais[106]. Dealraíonn sé freisin go ndeimhníonn an staidéar go bhfuil éagsúlacht mhór ann idir na tacair sonraí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le cumhdach geografach agus paraiméadair cháilíochta an bhonneagair. Tá sonraí rothaíochta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ilroinnte. Déanann sé sin difear do cháilíocht sonraí agus bíonn tionchar mór aige ar idir-inoibritheacht agus inúsáidteacht sonraí ar fud ardáin éagsúla. Léiríonn na torthaí go bhfuil gá le cleachtais chaighdeánaithe mheiteashonraí chun comhtháthú sonraí agus comhchuibhiú sonraí a éascú agus, ar deireadh, go bhfuil gá le hinúsáidteacht chuimsitheach chomhsheasmhach tacar sonraí a áirithiú ar fud an Aontais. Ar an taobh eile, rinneadh iarrachtaí chun caighdeáin, ardáin agus tacair sonraí náisiúnta a bhunú le haghaidh sonraí bonneagair rothaíochta in 18 as 27 mBallstát a shainaithint sa staidéar. Tugann sé sin le fios go bhfuil gá le treoraíocht, comhar agus comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais freisin.

Baineann an obair sin leas mór as iarrachtaí leanúnacha Eurostat chun feabhas a chur ar staidreamh rothaíochta agus ar bhailiú sonraí agus chun sainmhínithe agus táscairí atá ábhartha don rothaíocht a fhorbairt ar bhealach níos fearr, agus is cuid de na hiarrachtaí sin í an obair chéanna. In 2024, thosaigh Eurostat ag athbhreithniú an Cheistneora Choitinn agus na Gluaise um Staidreamh Iompair, i gcomhar le Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) agus leis an bhFóram Iompair Idirnáisiúnta. Cuireadh san áireamh san obair saincheisteanna amhail conas staitisticí a bhailiú maidir le soghluaisteacht ghníomhach agus chomhroinnte, conas sainmhíniú a thabhairt ar cad is 'bonneagar rothaíochta' ann, agus conas sonraí rothaíochta inchomparáide a ghabháil. Tá an Ceistneoir Coiteann á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair chun athróga a chur san áireamh maidir leis na cineálacha éagsúla bonneagair rothaíochta atá le bailiú ó 2026 ar aghaidh. Tá sainmhínithe cothrom le dáta ar na cineálacha éagsúla bonneagair rothaíochta á nglacadh freisin agus foilseofar iad faoi dheireadh 2025 sa séú heagrán den Ghluais um Staidreamh Iompair.

Tá coinne leis go mbeidh sonraí a bhaineann leis an rothaíocht níos inrochtana a bhuí le cur chun feidhme an Rialacháin Tharmligthe maidir le seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach (MMTIS)[107] agus an Rialacháin Cur Chun Feidhme atá ar na bacáin maidir le táscairí soghluaisteachta uirbí (TSU) faoi Rialachán TEN-T. I Rialachán MMTIS tá oibleagáid chun faisnéis a chur ar fáil maidir le gach modh iompair sceidealaithe, maidir le hiompar ar éileamh

[106] Príomhthorthaí ar leibhéal an Aontais: 303 346 km de rianta rothar, 30 080 km de lánaí rothar agus 581 021 km de lánaí tráchta measctha atá fabhrach do rothair: fad iomlán an ghréasáin: 914 447 km.

[107] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/490 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais, IO L, 2024/490, 13.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/490/oj

agus maidir le iompar pearsanta, trí na pointí rochtana náisiúnta[108]. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le sonraí atá ann cheana i bhformáid dhigiteach, lena n-áirítear roinnt sonraí a bhaineann leis an rothaíocht. Tacaíonn an Coimisiún le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar inrochtaineacht sonraí trí na pointí rochtana náisiúnta i gcomhthéacs NAPCORE[109], a chómhaoinítear tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. I measc roinnt ábhar, tugann NAPCORE aghaidh ar shonraí páirceála rothaíochta, ar shonraí rothaíochta fíor-ama, agus ar shonraí bonneagair rothaíochta.

Go sonrach, áiríonn na bearta maidir le bonneagar rothaíochta agus pleanáil soghluaisteachta faoi Chlár Oibre Bliantúil 2025 an Aontais um Chaighdeánú Eorpach (AUWP)[110] caighdeáin Eorpacha a fhorbairt don ghréasán rothar chun tacú le pleanáil bealaigh fíor-ama. Le bearta den sórt sin, déantar bonneagar rothaíochta a bharrfheabhsú agus bainistiú tráchta a fheabhsú trí shonraí maidir le gréasáin rothaíochta, páirceáil rothar agus iompraíocht rothaithe a chaighdeánú.

Bhí EGUM in ann cineálacha éagsúla beart náisiúnta a shainaithint a rannchuidíonn leis an tuiscint ar threochtaí rothaíochta, ar bhonneagar agus ar iompraíocht úsáideoirí, lena n-áirítear tacair sonraí, staidéir agus uirlisí nua a fhónann chun feabhas córasach a chur ar bhailiú agus anailís sonraí. Mar shampla, d'fhoilsigh Lucht Riaracháin Iompair na Sualainne (Trafikverket) tuarascáil[111] ina dtiomsaítear na sonraí náisiúnta atá ann cheana maidir le forbairtí rothaíochta le blianta beaga anuas. Tugann sé sin léargas níos soiléire ar na treochtaí maidir le glacadh na rothaíochta agus maidir le hinfhaighteacht agus sábháilteacht an bhonneagair, rud a thacaíonn le ceapadh beartas fianaisebhunaithe ar an leibhéal náisiúnta. Soláthraíodh léargais úsáideacha freisin trí dhá thionscadal arna gcistiú ag an Aontas a dhírigh ar an rothaíocht chliste: MegaBITS[112] agus MERIDIAN[113]. Faoi na tionscadail sin, forbraíodh Treochlár Eorpach um Rothaíocht Chliste[114], lena gcuirtear straitéis shonraíbhunaithe ar fáil chun uirlisí digiteacha a chomhtháthú i mbonneagar agus i mbeartas rothaíochta ar fud an Aontais.

## 10. Conclúid

Is cloch mhíle thábhachtach é an Dearbhú Eorpach maidir le Rothaíocht ar an mbóthar i dtreo aitheantas a thabhairt do ról na rothaíochta i mbeartas iompair an Aontais. Cé nach féidir cuid mhór de na tionscnaimh agus de na samplaí a thuairiscítear sa tuarascáil seo a shainaithint go huathúil mar tionscnamh atá ann mar thoradh díreach ar an Dearbhú, is fianaise iad líon agus éagsúlacht na mbeart ar an móiminteam atá ag dul i méid agus ar an aitheantas méadaithe ar na torthaí dearfacha a bhaineann le beartais agus bearta rothaíochta.

Cé go bhfuil sé róluath fós measúnú a dhéanamh ar thionchar fadtéarmach an Dearbhaithe, tá treochtaí a bhfuil gealladh fúthu braite cheana féin. Agus tuilleadh faireacháin á dhéanamh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, is dócha go mbeidh torthaí níos dearfaí fós ann amach anseo mar thoradh ar chur chun feidhme leanúnach na bprionsabal a leagtar síos sa Dearbhú. Cumasóidh sé sin athrú tapa chuig soghluaisteacht atá

---

108 https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/smart-mobility/road/its-directive-and-action-plan/national-access-points_ga
109 https://napcore.eu/
110 Clár oibre bliantúil 2025 an Aontais um chaighdeánú Eorpach (C/2025/1818): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202501818
111 https://trafikverket.diva-portal.org/smash/record.jsf?pid=diva2%3A1895596&dswid=-7502
112 https://www.interregnorthsea.eu/megabits/news/smart-cycling-roadmap-a-digital-turning-point-for-urban-mobility
113 https://meridian-corridors.eu/material/the-road-map-for-smart-cycling-a-call-to-action/
114 https://www.interregnorthsea.eu/sites/default/files/2025-05/250501%20Brochure%20Smart%20Cycling%20Road%20Map_a%20call%20to%20action_final.pdf

níos inbhuanaithe, níos inrochtana, níos inacmhainne, níos sábháilte agus níos sláintiúla, rud a ghinfidh breisluach ard don Aontas agus dá gheilleagar.

Tá meas forleathan ann maidir le sainardáin a bhunú chun eispéiris rothaíochta agus dea-chleachtais a mhalartú idir na Ballstáit, trí na Pointí Teagmhála Náisiúnta Rothaíochta a bunaíodh le déanaí, agus le páirtithe leasmhara, tríd an nGrúpa Saineolaithe maidir leis an tSoghluaisteacht Uirbeach. Is dócha go mbeidh comhar tairbheach ann mar thoradh ar thionscnaimh den sórt sin.

Tá dul chun cinn míchothrom déanta maidir leis na gealltanais a leagtar síos i ngach ceann de na hocht gcaibidil sa Dearbhú a chur chun feidhme. Tá an cur chun feidhme ag céim níos forbartha maidir le beartais, bonneagar agus infheistíochtaí rothaíochta. Is amhlaidh atá mar gheall ar a gcineál fadtéarmach, ar na dea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana féin i roinnt Ballstát agus ar an taithí a fuarthas go dtí seo.

Is gá níos mó a dhéanamh, áfach.

Cé go bhfuil beartais agus bearta rothaíochta i bhfeidhm ag formhór na mBallstát, iarrtar ar na Ballstáit eile an rud céanna a dhéanamh. Thairis sin, iarrtar orthu uile leas iomlán a bhaint as roghanna cistiúcháin an Aontais atá ar fáil, amhail an Ciste Aeráide Sóisialta.

Is gá aird a thabhairt ar na réimsí seo a leanas chun feabhas a chur ar bhonneagar rothaíochta an Aontais: (i) bonneagar lóistíochta rothar (e.g. micreamhoil), (ii) réitigh shábháilte páirceála rothar, (iii) bonneagar luchtaithe i bhfoirgnimh, (iv) bonneagar chun rothair a iompar ar thraenacha, agus (v) sábháilteacht fhoriomlán an bhonneagair rothaíochta. Go deimhin, tá bearta sábháilteachta feabhsaithe, amhail dearadh bonneagair agus forfheidhmiú níos déine, ríthábhachtach chun básanna agus díobhálacha rothaithe a laghdú go mór. Thairis sin, ba cheart oiriúnú an bhonneagair rothaíochta don athrú aeráide a chur san áireamh freisin agus bonneagar rothaíochta á dhearadh.

Ba chéad chéim chun an tuiscint ar na saincheisteanna atá i gceist a dhoimhniú agus chun a mheas an mbeadh breisluach ag baint le gníomhaíocht chomhpháirteach a chomhordófaí ar leibhéal an Aontais é forléargas a fhorbairt ar bhearta chun gadaíocht rothar san Aontas a chomhrac.

Bheadh gá le cleachtais níos cuimsithí agus níos córasaí bailithe agus faireacháin sonraí, agus rannchuidiú struchtúrtha a bheith ann ó údaráis phoiblí, ó pháirtithe leasmhara agus ón tionscal, chun measúnú tráthrialta leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn. Thairis sin, beidh soláthar sonraí rothaíochta mar a shainítear le Rialachán Tarmligthe 2024/490 (MMTIS) ríthábhachtach. Ina theannta sin, beidh saothrú thorthaí an staidéir 'Cycling Counts' ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an bhonneagair rothaíochta san Eoraip.

Ar deireadh, is gá aird bhreise a dhíriú ar ábhair amhail cuimsitheacht agus rannpháirtíocht tionscail chun dlús mór a chur leis an dul chun cinn.